AMÁRAĊ

Guṫ na Gaeltaċta

Foillsiṫe gaċ Diardaoin.
Nuaċtán seaċtainiúil na Gaeltaċta.
Abar fógraíoċta agus eagarṫóireaċta ċuig:— AMÁRAĊ, Ceanannus Mór.

3d

iml. 10. uiṁ. 5. Aoine, 29ú Eanair, 1965.

Eagarḟocal

29-1-1965.

Nuair a buailtear buile trom ar aicme nó ar ċine daoine corr uair tuiteann siad i nDrom Dubaċ ar fad agus ligeann siad a maidí le sruṫ ina ḋiaiḋ sin. Corr uair eile is amlaiḋ go dtéann fuil fríd an ḟeoil acu agus lastar teine ina gcroí a ḃeir orṫa gníomarṫa móra a ḋéanaṁ. Ciacú den dá ṫoraḋ sin a ṫiocfas as an Ṗáipéar Bán do ṗobal na Gaeltaċta? Ní ṫig le h-aon duine a rá roiṁré.

Aċ tá rud amáin cinnte is é an Páipéar Bán seo an buile is measa a buaileaḋ ar an Ġaeltaċt le blianta fada anuas. Is dóċa ón uair a ḋiúltaiġ an Rialtas a bí ann san am glacaḋ le Tuarascáil Ċoimisiúin na Gaeltaċta. De réir an Ṗáipéar Báin leanfar de na rudaí a bí ann ċeana féin don Ġaeltaċt ⁊ béifear ag súil sé sin bunús geilleagraċ faoin Ġaeltaċt. Tarraiġeófar deontas £10 in áit an £5 do ṗáistí atá ag labairt na Gaeilge. Béarfar buntaistí na gceantar somplaċ de ḟeirmeaċa beaga don Ġaeltaċt coṁ maiṫ. Tá fáilte ag an Ġaeltaċt, ar ndóiġe, roiṁ na h-aṫruiṫe atá á ndéanaṁ ag an Uasal Ó Beoláin ins an Dole aċ taob amuiġ de sin ní béiḋ ann aċ cúrsaí mar a bí agus mar adeir an Ṗáipéar Bán, béiḋ an Rialtas ag súil go slánófar an Ġaeltaċt sa tslí sin.

Tá ḟios ag gaċ aon duine ins an Ġaeltaċt agus na daoine a ċuireas suim ins an Ġaeltaċt cé'n ċaoi a bfuil an scéal agus an tslí go bfuil an Ġaeltaċt ag imeaċt as. Anois béiḋ sí ag imeaċt as i bfad níos tiuḃe ná ariaṁ agus tá a cúrsa reata aicí. I gcionn roinnt blianta béiḋ sé ró-ṁall le h-aon rud a ḋéanaṁ go ġnáṫ ċainteoirí dúċais an Gaeltaċta. Má ḋearcaimíd orainn féin anois, cad is féidir a ḋéanaṁ? Cuirimís mar seo é. Má tá daoine muintearṫa agus gaolta agat ins an Ġaeltaċt i láṫair na huaire, abair go bfuil cúpla fear óg ar do aiṫne. Duine nó beirt acu ag braṫ pósaḋ, cúpla duine eile naċ mbéiḋ ag pósaḋ go cionn ċúpla bliain, má ċuireann siad ceist ort an fearr daofa fanaċt san Ġaeltaċt nó dul ar an imirce ag obair in Albain nó i Sasain cad é an ċomairle a béarfá do ḋaoine muintearṫa ḋuit féin a bfuil tú go maiṫ daofa? Ba maiṫ le do ċroí go bpósfaḋ siad agus go socróiḋ siad síos i nDún na nGall nó i gConamara, nó i gCorca Duibne. Ba maiṫ leat a gclann ag éirí aníos le Gaeilge aċ ma iarrann siad do ċomairle caidé déarfas tú? Déarfaiḋ tú gur fearr daofa féin imeaċt, naċ bfuil a ḋaṫ inann daofa san Ġaeltaċt aċ beiṫ beo ar an ġann ċuid ⁊ an an déirce agus deontaisí Stáit. Tá ḟios agat go mbainiḋ siad amaċ páiġe nó tuarastal £12 nó £15 nó £20 san tseaċtain ṫall. An bféadfá iarraiḋ orṫa fanaċt abus agus fios agat gur sin mar atá.

Sin mar atá leis an Ġaeltaċt uilig anois. Ní ṫig le duine ar biṫ againn comairle a ṫabairt daofa fanaċt san baile nuair atá ḟios againn naċ eol dúinn cé'n uair, naċ eol dúinn an mbéiḋ a ċoiċe obair lán aimsearaċ le fáil ag pobal na Gaeltaċta. Nuair atá ḟios againn naċ bfuil comarṫa ar biṫ go mbéiḋ Saoṫrú Seasta le fáil acu san baile. An bfuil muid ag gabáil a iarraiḋ orṫa, dá ndéanfaḋ siad ár n-iarraiḋ féin, a beiṫ ag imeaċt leo idir ḋá ṫír ó bliain go bliain ag saoṫrú ṫall agus ag caiṫeaṁ tamaill abus. Tá muid ag gabáil a iarraiḋ orṫa pósaḋ abus agus leaṫ den bliain nó trí ċeaṫrú den bliain a ċaiṫeaṁ ag saoṫrú ṫall. Sin an méid, nó ní béaḋ gar dúinn ann dá n-iarraimís a ṫuille. Tá pobal na Gaeltaċta buailte den méid sin de.

Céard atá inann don Ġaeltaċt má sea? Is beag maiṫeas. Brú agus gríosaḋ ins an Ġaeltaċt féin. Tá pobal óg na Gaeltaċta idir buaċaillí agus ċailíní, an dream a mbéaḋ ideal-aċas agus an gríosaḋ ionta, uilig ar ṡiúl ṫar sáile. Is beag atá fágṫa san Ġaeltaċt aċ daoine meánaosta nó daoine níos sine ná sin atá ag tógáil teaġlaiġ nó a bfuil teaġlaiġ tógṫa acu. Aċ taob amuiġ de sin ar fad ní mór an méid ċumaċt poiliticiúil atá ins an Ġaeltaċt. Níl aċ ḋá Ḋáil Ċeanntar a bfuil an Ġaeltaċt go láidir ionnta agus ionta sin béiḋ i gcónaí suíoċán amáin do Ḟianna Fáil agus suíoċán eile do Fine Gael agus is beag difríoċt a ní sé do ċúrsaí politíoċta cé'n bealaċ a dtéann an triú suíoċán. Tá Rialtaisí go beag beann ar an Ġaeltaċt agus tá sin le feiceáil ar an gcaoi a bfreastalann siad ar an Ġaeltaċt. Tá sé le feiceáil ins an Ṗáipéar Bán féin. Níl aċ dream amáin a dtiocfaḋ leo a ḋaṫ a ḋéanaṁ don Ġaeltaċt agus tá siad ag sleaṁnú ón ġníoṁ sin níos fuide agus níos fuide le sé nó seaċt de bliantа anuas agus 'siad sin luċt na h-aṫbeoċáine agus Gaeilgeoirí na tíre. Iad sin a dtiocfaḋ leo ceist mór ṗoiliticíoċta a ḋéanaṁ den Ġaeltaċt, aċ níl dealraṁ air go bfuil fonn ar biṫ orṫa sin a ḋéanaṁ agus muna bfuil agus muna dtuigeann pobal na h-Éireann práinne agus géire an scéil níl a ḋaṫ eile inann don Ġaeltaċt. Is dóċa ins na cúpla míosa seo romainn go léireófar níos soiléire ciacu tá meas ar biṫ ag pobal na tíre agus ag Gaeilgeoirí na h-aṫbeoċána go speisialta ar an Ġaeltaċt. Tar éis sin béiḋ muid inann a rá níos cinnte cad tá inann don Ġaeltaċt.

GAEILGEOIR INA ĊARDINÉAL

Gairdeaċas ar fud na nGaeltaċta

Cainteoir Líofa Gaeilge an Doctúir Ó Conbaí

Leaṫ áṫas agus gairdeaċas fríd Dún na nGall agus na Gaeltaċtaí go léir nuair a ṫáinig an scéala maidin Dia Luain gur roġnaiġ a Naofaċt an Pápa an Doċtúir Sár Oirṁinneaċ Ó Conbaí, Ard Easbog Ard Ṁaċa agus Príoṁáid na hÉireann uile le beiṫ ina Cairdinéal.

Tá an Ġaeilge ag a Grása mar a beaḋ cainteoir dúċais agus cuiṁnítear gur seo an ċéad Cairdinéal le Gaeilge líofa ó'n Ċairdinéal Ó Doṁnaill daċad blian ó ṡoin.

As Béal Feirste don Cairdinéal úr, áit a bfuil a ṁáṫair ina cónaí go fóill agus d'ḟoġluim sé a ċuid Gaeilge ṫíos i nGaeltaċt Dún na nGall agus baineann sé úsáid aisti gaċ uair a ḟóireas.

Fuair sé a ċuid oideaċais leis na Bráiṫre Críostúla i mBéal Feirste agus i gColáiste Naoṁ Maolṁoḋog i mBéal Feirste agus i Má Nuaḋat. Ċuaiġ sé na Róiṁe 'na ḋiaiḋ sin áit ar bain sé amaċ na céimeanna a b'airde san Diaċt.

Ċaiṫ sé tamall ag teagasc i gColáiste Naoṁ Maolṁoḋog agus na ḋiaiḋ sin ina ollaṁ i Má Nuaḋat gur coisreacaḋ mar Easbog Nebe agus Easbog Cúnta Ard Ṁaċa é i 1953.

Nuair a fuair a Ṁórḋaċt an Dr. Sár Oirṁ. d'Altún bás hardaíoḋ ina Ard Easbog Ard Ṁaċa agus Príoṁáid Éireann Uile é.

Raċaiḋ sé 'na Róiṁe lár mí Feabra agus seaċtain na ḋiaiḋ sin céimneófar ar Ṗrionsaí na hEaglaise é ina Ċairdinéal den Naoṁ Eaglais Caitliceaċ Rómánaċ.

In aois a 54 bliana do beiḋ an Doċtúir Ro-Oirṁ. Ó Conbaí ar an duine is óige de Ċoláiste na gCairdinéal.

Ar scoil na mBráṫar agus Coláiste Maolṁoḋog do ċaiṫeaḋ an Dr. Ó Conbaí tamall den saṁraḋ i nGaeltaċt Dún na nGall agus tá cuiṁne maiṫ air fá Cloiċeannaola, an áit a raiḃ sé ar Coláiste Ulaḋ.

An Páipéar Bán

MEASTAḊ AR MOLTAÍ FA'N GAELTAĊT

—S. Ó Cnáiṁsí.

Tiṫe gloine

Pointe tábaċtaċ amáin insan Páipéar Bán faoi intinn an Rialtais nó alt 120 ina ndeirtear gur éiriġ go maiṫ le scéim na dTiṫe Gloine, agus go bfuiltear sásta go bfuil margaḋ ⁊ seans fá ċoinne bfad níos mó tiṫe gloine anois. Seo rud a bí ḋá ḃrú le fada in AMÁRAĊ ⁊ ní Eagar-ḟocal amháin, aċ cúpla ceann a scríoḃaḋ faoi. Tá glacṫa leis an molaḋ a bí ann, is cosúil. nó beiḋ an scéim foscailte feasta do iarraṫóirí feiliúnaċ, is cuma cé'n áit sa nGaeltaċt a bfuil cónaí orṫa.

Deirtear in alt 120 go ndéarna feilméirí sa Ġaeltaċt suas le £5 sa tseaċtain de ṫeaċt-isteaċ faoi scéim na dTiṫe Gloine, ar teaċ gloine de 1-40 de acra. Gán aṁras, is fíor maiṫ an toraḋ é seo, agus má ṫéann fásóirí i gceann gnó i gceart, ⁊ an dara teaċ, nó ceiṫre tiṫe gloine do ṫógáil, cuir i gcás, d'ḟéadfaḋ siad slí beaṫa lán-aimsreaċ a ḋéanaṁ ag a leiṫéid seo. Measann an Páipéar Bán naċ ndeineann an ċuid is mó de na fásóirí praifid den tsórt seo toisc naċ bfuil scil acu ċuige, agus gur ċeart níos mó úsáid a baint as na seirḃísí comairliṫeaċ, agus as comairle teicniúil ó'n Roinn Talṁaíoċt agus na Comairleoirí Áitiúla.

Gan aṁras, seo seans do feirmeoirí ar fud na Gaeltaċta, go speisialta in áiteaċa mar Oileán Árann Móire, Tírċonaill, áit naċ mbíonn sioc ar biṫ, agus a bfuil aoráid feiliúnaċ, ċun dul isteaċ ar fás tráṫaí ar scála mór.

Tá an margaḋ foscailte go maiṫ fós, aċ d'ḟéadfaḋ sé go líonfaí tapaí go maiṫ é, agus is caoi é anois do na fásóirí is túisce a ṫéas isteaċ ar an gnó seo ċun tiṫe gloine a ċur suas dóiḃ féin. Beiḋ an deontas le fáil in áit ar biṫ sa Ġaeltaċt as na tiṫe gloine seo.

Molaimíd do ceannairí ⁊ treoraiṫe áitiúla sa Ġaeltaċt, a ċomairliú do feilméaraí dul ċun gnó ar seo ċoṁ tapaí agus is féidir.

(Ar lean. ar leath. 8)

Ollċruinniú Mór de Gaeilgeoirí

Agóid fa éagóir ar Ġaeltaċt

Os cionn 200 Gaeilgeoirí ionadaċ míṡásta

San Óstán Ibirneaċ i mBaile Áṫa Cliaṫ ṫáinig corraḋ mór le ḋá ċéad Gaeilgeoirí ionadaċ ó coṁair gaċ condae in Éirinn le ċéile.

Agóid a bí ar siúl faoi ċoimirce MISNEAĊ fá easba plean agus easba moltaí cruinne sa Páipéar Bán agus ní ḋearna cainteoirí aon séanaḋ fá'n míoṡáṁ agus diomba a bí ar Ġaeilgeoirí.

Ar na príoṁ cainteoirí bí Máirtín Ó Caḋain, údar agus léaċtaí, Seán Ó Laiġin agus Doṁnall Mac Doṁnaill.

Faoi an éagóir ar an Gaeltaċt a ba ṁó a bí gearán agus cáineaḋ go lom díreaċ Coṁḋáil Náisiúnta na Gaeilge agus Coiste Gnóṫa Connraḋ na Gaeilge as glacaḋ leis an Ṗáipéar Bán in aineoin go raḃ ḟios acu naċ raḃ plean ann do ṡlánú na Gaeltaċta.

Dúirt Máirtín Ó Caḋain go raiḃ oiread deiṫneas orṫa ag glacaḋ leis an Páipéar Bán ⁊ go gcaiṫfí geilleaḋ don tuairim naċ raiḃ sé léite acu ċor ar biṫ.

Bí deontas mór ón Rialtas ag Coṁḋáil Náisiúnta adúirt an tUasal Ó Caḋain agus fuair Connraḋ na Gaeilge teaċ nua uaṫa agus ba deacair mar sin do ċeaċtair dóiḃ léirṁeas ceart a ḋéanaṁ.

Coṁ maiṫ le sin, adúirt sé bí deontas mór eile ag "Inniu" ⁊ bí muinntir Fianna Fáil in airde ins na trí aicmí sin.

Ṫráċt cainteoir indiaiḋ ar an éagóir a bí á ḋéanaṁ ar an Ġaeltaċt sa Páipéar Bán agus ar ġlac na heagrais Gaeilge leis gan údarás a gcuid ball féin.